# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

# CUNTASAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

**DÉARDAOIN, 17 MEITHEAMH 2004 – MAIDIN 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.**

Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn:

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ cheist ar bith eile**

## 1. Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe de €990,000 ag Ó Ciardha Teo agus é roinnte i 690,000 Gnáthscaireanna ar €1 an ceann agus 300,000 Scaireanna tosaíochta 7% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach as leabhair Uí Chiardha ar 31/12/2003.

| | € | € |
|---|---|---|
| Talamh agus foirgnimh ar a gcostas | 780,000 | |
| Dímheas carntha – Talamh agus foirgnimh | | 39,000 |
| Paitinní (ioncam infheistíochta 2 mhí faighte san áireamh) | 58,200 | |
| Infheistíochtaí 6% 1/5/2003 | 180,000 | |
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 172,000 | |
| Dímheas carntha – veaineanna seachadta | | 78,000 |
| Stoic 1/1/2003 | 76,600 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 620,000 | 990,000 |
| Táillí stiúrthóirí | 80,000 | |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta | 176,000 | |
| Ús bintiúr íoctha | 4,500 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 1/1/2003 | | 67,600 |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 73,900 | 81,000 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 3,600 |
| Díbhinní eatramhacha don 6 mhí thosaigh | 40,000 | |
| Bintiúir 9% (€80,000 de bhintiúir 9% a eisíodh ar a luach ar 31/3/2003) | | 230,000 |
| CBL | | 16,500 |
| Banc | | 5,500 |
| Caipiteal eisithe | | |
| 550,000 Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | | 550,000 |
| 200,000 Scaireanna tosaíochta 7% ar €1 an ceann | | 200,000 |
| | 2,261,200 | 2,261,200 |

Ní mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

(i) Stoc ar 31/12/2003 ar a chostas ba ea €85,000 - tá seanstoc san áireamh anseo a chosain €8,000 ach a bhfuil luach inréadaithe glan aige ar 60% den chostas.

(ii) Tá paitinní, agus ioncam infheistíochta 2 mhí san áireamh, le díscríobh thar thréimhse 5 bliana ag tosú i 2003

(iii) Soláthar a dhéanamh in aghaidh dímheasa ar veaineanna seachadta ar an ráta bliantúil 20% dá gcostas ón dáta ceannaigh go dtí an dáta díola.
NÓTA: Ar 31/9/2003 trádáladh veain seachadta a chosain €60,000 ar 1/6/2001 in aghaidh veain nua a chosain €84,000. Lamháladh €22,000 i leith an tseanveain. Trí earráid, pléadh leis an seic ar ghlanmhéid an idirbhirt seo mar cheannachán stoc trádála. Ba é seo an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair i leith an idirbhirt seo.

(iv) Déantar soláthar in aghaidh dímheasa ar fhoirgnimh ar ráta 2% dá gcostas in aghaidh na bliana (€130,000 a bhí ar an talamh ar a costas). Rinneadh athluacháil ar an Talamh agus ar na foirgnimh ar €880,000 ag deireadh na bliana 2003.

(v) Tógadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as cuntas bainc an ghnólachta. Taispeánann cuntas bainc dar dáta 31/12/2003, áfach, go bhfuil iarmhéid sochair €4,040 sa chuntas. Léiríonn comparáid idir an cuntas bainc agus an ráiteas bainc áfach na neamhréitigh seo leanas:
1. Bhí ioncam infheistíochta €2,700 íoctha go díreach le cuntas bainc an ghnólachta.
2. Bhí seic ar €780, a eisíodh chuig soláthraí, iontráilte sna leabhair (leabhar airgid <u>agus</u> mórleabhar) mar €870.
3. Bhí aistriú creidmheasa €750 íoctha go díreach le cuntas bainc an ghnólachta thar ceann fhiachóra bhancbhriste. Is ionann é seo agus an chéad agus an íocaíocht dheireanach de 30c sa €1.
4 Ní raibh seic ar €6,000 a eisíodh chuig stiúrthóir ar táillí seachadta fós chun íoctha.

(vi) Molann na stiúrthóirí:
1. Go n-íocfaí an díbhinn Tosaíochta dlite.
2. Go soláthrófaí díbhinn deiridh ar Ghnáthscaireanna a dhéanfadh díbhinn iomlán suas go 9c ar gach scair.
3. Go ndéanfaí soláthar d'ioncam Infheistíochta agus d'ús Bintiúir dlite.
4. Go ndéanfaí an Soláthar in aghaidh drochfhiach a choigeartú go dtí 4% de na fiachóirí.

**Iarrtar ort iad seo a ullmhú:**

(a) Cuntas Trádála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003. (75)
(b) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2003. (45)

**(120 marc)**

## 2. Ráiteas Táblach

Taispeánann an clár comhardaithe seo a leanas staid airgeadais Uí Chathasaigh Tta ar 1/1/2003:

**Clár Comhardaithe mar atá ar 1/1/2003**

| | Costas | Dímheas go dáta | Glan |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Talamh agus foirgnimh | 460,000 | 13,800 | 446,200 |
| Veaineanna seachadta | 76,000 | 33,000 | 43,000 |
| | 536,000 | 46,800 | 489,200 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 59,800 | | |
| Árachas Réamhíoctha | 1,500 | | |
| Féichiúnaithe | 61,700 | 123,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suim dlite taobh istigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 62,500 | | |
| Banc | 10,100 | | |
| Pá dlite | 2,400 | 75,000 | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | | 48,000 |
| | | | 537,200 |
| **Maoinithe ag** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Údaraithe - 850,000 Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | | | |
| Eisithe - 430,000 Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | | | 430,000 |
| Scairphréimh | | | 40,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | | 67,200 |
| | | | 537,200 |

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2003:

Ean — Chinn Ó Cathasaigh Tta an Talamh agus foirgnimh a athluacháil ar €580,000 ar 1/1/2003, agus talamh dar luach €100,000 faoi láthair san áireamh ann.

Feabh — Ar 1 Feabh cheannaigh Ó Cathasaigh gnólacht béal dorais a raibh foirgnimh €360,000 veaineanna seachadta €58,000, Stoc ar €25,000 agus Creidiúnaithe €33,000. Scaoileadh an costas ceannacháin trí 400,000 Scair in Ó Cathasaigh Tta a thabhairt don díoltóir ar 20c an scairphréimh.

Már — Seoladh ar ais earraí ar luach €1,800 a dhíol Ó Cathasaigh Tta cheana féin. Ba é costas díolacháin na n-earraí seo ná a gcostas móide 20%. De bhrí go raibh moill ar na hearraí a sheoladh ar ais, eisíodh nóta creidmheasa a thaispeáin asbhaint 10% den luach sonraisc mar tháille athstocála.

Aib — Rinneadh Veain seachadta a chosain €20,000 a thrádáil isteach i gcoinne veain nua a chosain €36,000. Tugadh liúntas €12,500 i leith an tseanveain. Ba é €6,600 an dímheas chun dáta ar an seanveain.

Beal — Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Bealtaine a thaispeáin dochar díreach €4,800 i leith árachas tine don bhliain dar chríoch 31/5/2004.

Iúil — Fuarthas íocaíocht €720 ó fhéichiúnaí a raibh a fhiach díscríofa cheana féin agus ar mhian leis trádáil a dhéanamh arís le Ó Cathasaigh Tta. Is ionann sin agus 60% den fhiach thosaigh agus gheall an féichiúnaí go n-íocfaí an chuid eile den fhiach i mí Eanáir 2004.

Noll — 2% de luach na leabhar a bheidh mar mhuirear dímheasa don bhliain ar na Foirgnimh. Tá an muirear dímheasa le ríomh ó dháta na luachála agus an dáta ceannaigh. Is é €22,000 an muirear iomlán dímheasa don bhliain ar na veaineanna seachadta.

**Iarrtar ort:**

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an éifeacht a bhí ag gach beart thuas ar an sócmhainn agus ar an dliteanas cuí agus déan na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2003 a ríomh.

**(60 marc)**

## 3. Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Ar 1 Eanáir 1999 bhí sealúchas a chosain €740,000 ag Caomhánach Tta., comhdhéanta de Thalamh ar €250,000 agus d'fhoirgnimh ar €490,000. Dímheasann an chuideachta a cuid sócmhainní ar ráta 2% ar an modh dronlíneach. Is é polasaí na cuideachta é bliain iomlán dímheasa a chur i bhfeidhm i mbliain an cheannaigh agus gan aon dímheas in aon chor a dhéanamh sa bhliain diúscartha. Ba amhlaidh a ceannaíodh an sealúchas seo deich mbliana roimhe sin, agus gearradh dímheas ina leith in aghaidh na mbrabús gach bliain de na deich mbliana sin (Ní dhéantar aon dímheas ar thalamh).

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair an ghnólachta:

| | |
|---|---|
| Ean 1 1999 | Sealúchas athluacháilte ar €870,000. Bhain €300,000 den athluacháil seo le talamh. |
| Ean 1 2000 | Díolta ar €330,000 talamh a chosain €250,000, ach rinneadh athluacháil air idir dhá linn ar 1/1/1999. |
| Ean 1 2001 | Foirgnimh ceannaithe ar €450,000. I gcaitheamh 2001, íocadh €120,000 le conraitheoir tógála chun síneadh a chur leis na foirgnimh seo, a ceannaíodh go gairid roimhe sin. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh chomh maith, agus d'íoc Caomhánach Tta. €60,000 pá leo ar an obair seo. |
| Ean 1 2002 | Foirgnimh ina seilbh athluacháilte ar €1,320,000. (Méadú 10% i gcás gach foirgnimh ar leith.) |
| Ean 1 2003 | Na foirgnimh a bhí i seilbh an ghnólachta ar 1/1/1999 díolta ar €700,000. Rinneadh athluacháil ar na foirgnimh eile ar €800,000. |

**Iarrtar ort**:

Na cuntais ábhartha mórleabhair a ullmhú maidir leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31 Nollaig 1999 go dtí 31 Nollaig 2003. **(Ní gá Cuntas Bainc ná Cuntas Brabúis agus Caillteanais.)**

**(60 marc)**

## 4. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo a leanas na cláir chomhardaithe ag Cruthú Ctp mar a bhí ar 31/12/2002 agus 31/12/2003 mar aon le cuntas coimrithe brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003:

| **Cuntas Coimrithe Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003** | | **€** |
|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin | | 150,600 |
| Ús don bhliain | | (10,600) |
| Brabús roimh cháin | | 140,000 |
| Cáin don bhliain | | (47,000) |
| Brabús tar éis cánach | | 93,000 |
| Díbhinní – Eatramhacha | 23,000 | |
| – Molta | 48,000 | (71,000) |
| Brabúis choinnithe don bhliain | | 22,000 |
| Brabúis choinnithe ar 1/1/2003 | | 189,000 |
| Brabúis choinnithe ar 31/12/2003 | | 211,000 |

| **Cláir Chomhardaithe ar** | | **31/12/2003** | | **31/12/2002** |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Talamh agus Foirgnimh ar a gcostas | 800,000 | | 725,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (75,000) | 725,000 | (60,000) | 665,000 |
| Innealra ar a chostas | 380,000 | | 450,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (190,000) | 190,000 | (170,000) | 280,000 |
| | | 915,000 | | 945,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí Luaite | | 120,000 | | 90,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 225,000 | | 208,000 | |
| Féichiúnaithe | 212,000 | | 184,000 | |
| Banc | – | | 12,000 | |
| Airgid | 3,000 | | 1,000 | |
| | 440,000 | | 405,000 | |
| **<u>Lúide</u> Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 253,000 | | 230,000 | |
| Ús dlite | 1,400 | | – | |
| Cáin | 51,000 | | 44,000 | |
| Díbhinní | 48,000 | | 37,000 | |
| Banc | 8,600 | | – | |
| | (362,000) | | (311,000) | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | 78,000 | | 94,000 |
| | | 1,113,000 | | 1,129,000 |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh tar éis níos mó ná 1 bhliain** | | | | |
| 8% Bintiúir | | 50,000 | | 160,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna €1 | 840,000 | | 780,000 | |
| Scairphréimh | 12,000 | | – | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 211,000 | 1,063,000 | 189,000 | 969,000 |
| | | 1,113,000 | | 1,129,000 |

Tá an t-eolas seo leanas ar fáil freisin:

1. Ní dhearnadh aon diúscairt ar fhoirgnimh i gcaitheamh na bliana ach ceannaíodh foirgnimh nua.
2. Níor ceannaíodh aon mheaisíní i gcaitheamh na bliana. Rinneadh diúscairt ar mheaisíní ar €24,000.
3. Gearradh €55,000 dímheasa ar fhoirgnimh agus an brabús oibriúcháin á ríomh.

**Iarrtar ort:**

(a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (20)

(b) An ráiteas faoi shreabhadh airgid ag Cruthú Ctp a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2003. (30)

(c) Mínigh cén fáth nach gciallaíonn brabús ardú comhfhreagrach in airgead tirim i gcónaí agus liostaigh dhá mhír nach airgead tirm iad. (10)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

## 5. Léirmhíniú ar chuntais

Baineadh na figiúirí seo leanas as cuntais chríochnaitheacha Coulter Tta., soláthraí seirbhísí i dtionscal na fóillíochta, le Caipiteal Údaraithe €900,000, cuimsithe de 650,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 10% Scair Thosaíochta ar €1 an ceann.

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2003**

| | | € |
|---|---|---|
| Díolacháin | | 1,100,000 |
| Costais earraí díolta | | |
| Stoc 1/1/2003 | 63,000 | |
| Ceannacháin | 751,000 | |
| Stoc 31/12/2003 | (74,000) | (740,000) |
| Speansais iomlána oibriúcháin don bhliain | | (208,000) |
| Ús don bhliain | | (15,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | | 137,000 |
| Díbhinní molta | | (66,000) |
| Brabús coinnithe don bhliain | | 71,000 |

**Cóimheasanna agus figiúirí don bhliain dar chríoch 31/12/2002**

| | |
|---|---|
| Tuillimh per gnáthscair | 22c |
| Díbhinn per gnáthscair | 2.9c |
| Mearchóimheas | 0.9 to 1 |
| Luach an mhargaidh ar ghnáthscair | €1.75 |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 14% |
| Toradh ar chistí cothromais | 19% |
| Cumhdach úis | 9 uair |
| Giaráil | 40% |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2003**

| | | |
|---|---|---|
| Sócmhainní doláimhsithe | 140,000 | |
| Sócmhainní seasta | 760,000 | 900,000 |
| Sócmhainní Reatha | 170,000 | |
| Dliteanais Reatha | | |
| Creidiúnaithe trádála | (35,000) | |
| Díbhinní molta | (66,000) | 69,000 |
| | | 969,000 |
| Bintiúir 9% 2008/2009 | | 160,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | | |
| 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann | 500,000 | |
| 200,000 scair thosaíochta 10% ar €1 an ceann | 200,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | 109,000 | 809,000 |
| | | 969,000 |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh don bhliain 2003:**

(a) (i) Ceannacháin ar airgead más é 1.5 mhí an mheántréimhse creidmheasa a thugtar do chreidiúnaithe.
(ii) Tuilleamh per scair.
(iii) Cén fad a thógfadh sé ar ghnáthscair a luach margaidh i 2002 a ghnóthú bunaithe ar an ráta íocaíochta díbhinne faoi láthair.
(iv) An toradh díbhinne do **2002**.
(v) Luach margaidh aon ghnáthscaire amháin sa bhliain **2003** más é an Cóimheas Praghas Tuillimh 9. (50)

(b) Cuir i gcás gur mian leis an gcomhlacht breis airgeadais a chruinniú trí na scaireanna atá fágtha a eisiúint ar €2 an scair. An mbeifeá-sa mar scairshealbhóir toilteanach na scaireanna seo a cheannach? Rianaigh na cúiseanna a bheadh agat chun roinnt scaireanna a cheannach/gan iad a cheannach. Ba chóir go gcuimseodh do fhreagra an t-eolas ábhartha ar fad atá san áireamh sna figiúirí thuas mar aon le tagairtí d'eolas ar bith eile a mheasann tú a bheith riachtanach. (50)

**(100 marc)**

## 6. Cuntais Chlub

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus dliteanais Ghalfchlub an Ghleanna ar 1/1/2003: Clubtheach agus Cúrsa €740,000, Stoc Beáir €3,800, Trealamh (ar a chostas) €28,600, Ballraíocht Saoil €36,000, Féichiúnaithe Beáir €155, Creidiúnaithe Beáir €2,450, Síntiúis réamhíoctha €1,800, Infheistíochtaí Rialtais 6% €40,000, Ioncam Infheistíochta dlite €150, Cúlchiste Tobhaigh €60,000 agus Pá dlite €2,400.

Tá an cuntas seo leanas de ghníomhaíochtaí an Chlub i gcaitheamh na bliana dar chríoch 31/12/2003 curtha ar fáil ag Cisteoir an Chlub:

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Cuntas Reatha Bainc | 4,440 | Ceannacháin Bheáir | 80,500 |
| Ioncam Infheistíochta | 1,450 | Speanasais Ilghnéitheacha | 185,600 |
| Táillí iontrála | 17,000 | Costais Lónadóireachta | 4,460 |
| Fáltais lónadóireachta | 6,650 | Trealamh | 44,500 |
| Urraíocht Bhliantúil | 33,000 | Ceachtanna Oiliúna | 4,650 |
| Síntiúis | 254,200 | Aisíocaíocht ar iasacht €30,000 ar 31/12/2003 mar aon le hús 1¼ bhliain | 34,500 |
| Fáltais bheáir | 112,660 | Aistriú chuig Cumann Foirgníochta 31/12/2003 | 70,000 |
| | | Iarmhéid | 5,190 |
| | €429,400 | | €429,400 |

Tugtar duit an t-eolas agus na treoracha breise seo leanas:

1. Stoc beáir €4,300 ar 31/12/2003.
2. Trealamh faoi úinéireacht ar 31/12/2003 le dímheas ag ráta 20% dá chostas.
3. Clubtheach agus Cúrsa le dímheas ag 2% dá gcostas.
4. B'iad €110 agus €2,770 na féichiúnaithe beáir agus na creidiúnaithe beáir faoi seach ar 31/12/2003.
5. Ar na Síntiúis tá:
   - 2 bhallraíocht saoil ar €6,000 an ceann.
   - Síntiúis €2,400 do 2004.
   - Dleacht €200 ar 300 ball do 2003.
   - Dleacht €200 ar 8 ball do 2002.
6. Bhí an bhallraíocht saoil le díscríobh thar thréimhse 12 bhliain ag tosú i 2003.

**Iarrtar ort:**

(a) Ciste Carntha an Chlub (Caipiteal) a thaispeáint ar 1/1/2003. (30)

(b) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2003 a thaispeáint. (35)

(c) Clár Comhardaithe an Chlub ar 31/12/2003 a thaispeáint. (20)

(d) Mhol na baill ag an Mórchruinniú Bliantúil go n-ísleofaí an síntiús bliantúil 20%. Cad iad na pointí a dhéanfá féin, mar chisteoir an chlub? (15)

**(100 marc)**

## 7. Ceartú earráidí agus cuntas fionraí

Theip ar Iarmhéid Trialach S. Craddock, trádálaí troscáin agus cairpéid, réiteach ar 31/12/2003. Iontráladh an difríocht i gCuntas Fionraí agus ullmhaíodh an Clár Comhardaithe seo leanas.

**Clár Comhardaithe ar 31/12/2003**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | **€** | **€** |
| Áitribh | | 650,000 | |
| Daingneáin & Feistis | | 72,000 | 722,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc (fionraí san áireamh) | | 88,600 | |
| Féichiúnaithe | | 33,300 | |
| Airgead | | 400 | |
| | | 122,300 | |
| **Lúide: Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | 52,000 | | |
| Banc | 27,000 | 79,000 | 43,300 |
| | | | 765,300 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| Caipiteal | | 730,000 | |
| Móide: Glanbhrabús | | 63,300 | |
| | | 793,300 | |
| Lúide Tarraingtí | | 28,000 | 765,300 |
| | | | 765,300 |

Nuair a seiceáladh na leabhair, aimsíodh na hearráidí seo leanas:

(i) Iontráladh troscán, a ceannaíodh ar cairde ó S. Ó Dóláin ar €16,500, ar an taobh mícheart de chuntas Uí Dhóláin mar €6,500 agus cuireadh chun sochair é mar €1,650 sa chuntas Daingneáin & Feistis.

(ii) Sheol féichiúnaí a bhí i bhfiacha €900 le Craddock seic ar €750 agus €100 in airgead tirim mar lánghlanadh ar a fhiach. Taifeadadh é seo i gceart sna leabhair. Ní dhearnadh aon iontráil áfach ar obadh na seice seo ina dhiaidh sin ná ar dhíscríobh an fhéich go hiomlán mar gheall ar bheith bancbhriste.

(iii) Seoladh ar ais Cóifríní Leapa chuig Craddock, a díoladh cheana féin ar €340 ar cairde. Iontráladh na hearraí seo go mícheart ar €34 chun sochair sa chuntas Daingneáin & Feistis agus mar €40 chun dochair i gcuntas na gCeannachán.

(iv) Rinneadh fiach pearsanta ar €1,600, a bhí dlite ó Chraddock, a fhritháireamh ina iomláine in aghaidh fhiach gnó €1,700, dlite ón ngnólacht ar dheisiúcháin chairpéid a cuireadh i gcrích cheana féin. Ní dhearnadh aon iontráil sna leabhair maidir leis an bhfitháireamh seo.

(v) Sheol Craddock ar ais troscán a ceannaíodh cheana féin ar cairde ó sholáthraí ar €8,800, agus iontráladh an beart seo go mícheart mar €8,880 sna cuntais mórleabhar cuí. Tháinig nóta creidmheasa ina dhiaidh sin, áfach, ón soláthraí maidir leis an aischur a thaispeáin táille iompair €200 chun costas an aischuir a ghlanadh. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh maidir leis an nóta creidmheasa ná creidiúint €8,600 i gcúntas an chreidiúnaí.

**Iarrtar ort a ríomh:**

(a) Na hearráidí riachtanacha a iontráil. (55)
(b) An Cuntas Fionraí a thaispeáint. (10)
(c) Ráiteas a ullmhú a thaispeánfaidh an glanbhrabús ceart. (15)
(d) Clár Comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

## 8. <u>Costáil Imeallach</u>

Táirgeann Ó Cearúil Tta. táirge amháin. Bhí cuntas brabúis agus caillteanais an chomhlachta don bhliain dar chríoch 31/12/2003, inar táirgeadh agus inar díoladh 60,000 aonad, mar seo leanas:

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin (60,000 aonad) | | 960,000 |
| Bunábhair | 331,000 | |
| Saothar díreach | 158,300 | |
| Forchostais monarchan | 81,000 | |
| Speansais riaracháin | 113,400 | |
| Speansais díolacháin | 78,000 | 761,700 |
| Glanbhrabús | | 198,300 |

Costais athraitheacha iad na bunábhair, an saothar díreach agus 30% de na forchostais monarchan. Seachas an coimisiún díolacháin €0.70 per aonad, tá na speansais díolacháin agus riaracháin seasta.

**Iarrtar ort a ríomh:**

(a) Pointe meá ar mheá agus lamháil sábháilteachta an chomhlachta.
(b) Líon na n-aonad nach mór a dhíol i 2004 má tá an comhlacht lena ghlanbhrabús a mhéadú 15% de bhreis ar fhigiúr 2003 ar an mbonn nach n-athróidh an praghas díola agus na leibhéil chostais agus na céatadáin.
(c) An brabús a dhéanfadh an comhlacht i 2004 dá ndéanfaí ísliú ar an bpraghas díola go €14, dá ndéanfaí ardú €14,000 ar na costais sheasta agus go méadófaí líon na n-aonad a dhíolfaí go 75,000 dá réir, agus nach n-athródh na leibhéil chostais eile ar fad agus na céatadáin.
(d) An praghas díola nach mór don chomhlacht a ghearradh per aonad i 2004, má ardaítear na costais sheasta 10% ach nach n-athróidh méid na ndíolachán ná an brabús.
(e) Líon na n-aonad nach mór a dhíol ar €17 per aonad chun soláthar a dhéanamh ar bhrabús 10% den ioncam díolachán a fhaightear ar na haonaid chéanna.
(f) Liostaigh agus mínigh dhá theorainn/bhonn tuisceana a bhaineann le costáil imeallach.

**(80 marc)**

## 9. <u>Buiséadú Airgid</u>

Tá Sláine Tta ag dul i mbun gnó ar 1/7/2004 agus tá an réamhaisnéis seo leanas déanta do na chéad sé mhí i mbun trádála:

| | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair | Deireadh Fómhair | Samhain | Nollaig | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Díolacháin | €525,000 | 588,000 | 616,000 | 630,000 | 658,000 | 672,000 | 3,689,000 |
| Ceannacháin | €300,000 | 336,000 | 352,000 | 360,000 | 376,000 | 384,000 | 2,108,000 |

Meastar gurb é €70 per aonad an praghas díola.

Meastar gur mar seo leanas a bheidh an patrún bailithe airgid ó fhéichiúnaithe:

**Custaiméirí airgid** - airgead tirim a bheidh i 30% den ioncam díolacháin agus lamhálfar lascaine 5%.

**Custaiméirí creidmheasa** - ó chustaiméirí creidmheasa a bheidh 70% den ioncam díolacháin. Íocfaidh 50% de na creidiúnaithe seo a gcuid billí sa chéad mhí tar éis díola agus an fuílleach sa dara mí tar éis díola.

Íocfar 50% as na bunábhair sa chéad mhí tar éis iad a cheannach agus gheofar lascaine airgid 2%. Íocfar as an gcuid eile díobh sa dara mí tar éis iad a cheannach.

**Costais mheasta:** Pá €45,000 sa mhí le híoc mar a tharlóidh
Forchostais athraitheacha €10 per aonad le híoc mar a tharlóidh
Foschostais sheasta €52,000 sa mhí le híoc mar a tharlóidh
(dímheas san áireamh)

Ceannófar trealamh a chosnóidh €48,000 i mí Iúil agus beidh saolré 5 bliana aige. Chun íoc as an gceannach seo socrófar iasacht €50,000 ag ráta 10% sa bhliain. Beidh an t-ús le híoc go míosúil, ach ní thosóidh na haisíocanna iasachta go dtí Eanáir 2005.

**Iarrtar ort:**

(a) Buiséad airgid a ullmhú ar feadh sé mhí ó Iúil go Nollaig 2004.
(b) Cuntas brabúis agus caillteanais buiséadaithe do na sé mhí dar chríoch 31/12/2004.

**(80 marc)**

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN